



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Public Appointments Service

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Iarratas ar Dhoiciméadú/Eolas i bhFormáidí Eile

(Tabhair faoi deara go ndéantar iarratais ar fhormaidí eile a bhaineann le feachtais earcaíochta nuair a dhéantar an t-iarratas)

Cén t-eolas atá ar fáil i bhformáidí eile?

Tá gach eolas atá foilsithe ar fáil i bhformáidí eile, má tá sé praiticiúil agus má tá cistiú ar fáil dó. San áireamh tá doiciméid ar nós foirmeacha iarratais, bileoga eolais, tuairiscí, doiciméid mhínithe agus doiciméid eile faoin tseirbhís phoiblí/don phobal.

Samplaí de Fhormaidí Inrochtana atá ar fáil

- Leagan le Cló Mór
- Leagan atá Éasca a Léamh
- Braille
- Priontáil ar Dhathanna Codarsnachta
- Is féidir leaganacha eile a iarraidh
- Tá liosta cuimsitheach de na seirbhísí inrochtana a chuireann PAS ar fáil le feiceáil faoi *Accessible Customer Services Information Booklet* ar PublicJobs.ie.

Cuirfear Comharthóirí Teanga Chomharthaíochta ar fáil d'ócáidí poiblí, do chruinnithe, agallaimh agus eachtraí eile más gá agus má luaitear / lorgáitear é roimh ré.

Ní mór a rá go bpléifear le gach cás leis féin agus cuirfear duine ar fáil de réir an doiciméid agus de réir an leagain a lorgáitear.

Conas iarratas a dhéanamh ar eolas i leagan eile.

- I scríbhinn, ag an deasc fáiltithe sa Stóras Gairmeacha nó go díreach sa phost chuig an Oifigeach Rochtana. Ba chóir don té atá ag déanamh an iarratais é a shíniú agus dáta a chur air más féidir.
- Trí ríomhphost chuig an Oifigeach Rochtana féin (seoladh ríomhphoist thíos).
- Trí ghlaoch ar bhail foirne ag an chuntar poiblí @ 01-8587400

Eolas atá riachtanach don iarratas:

- Ainm, seoladh agus sonraí pearsanta an té atá ag déanamh an iarratais.
- Sonraí ar leith faoin doiciméad/eolas atá á lorg.
- An teorainn ama chun an t-eolas a fháil agus an chúis le sprioc-am ar leith.
- Más do chomharthóir teanga chomharthaíochta an t-iarratas tabhair na sonraí ar fad faoin agallamh/eachtra/cruinniú.

Sa chás nach bhfuil an té atá ag déanamh an iarratais in ann iarratas a dhéanamh i scríbhinn, déanfaidh an ball foirne cabhrach é sin dó/di.

Iarratais a Fháil

- Ba chóir gach iarratas a fhaigheann baill foirne a chur ar aghaidh sa phost inmheánach chuig an Oifigeach Rochtana, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.
- Tabharfar admháil faoi gach iarratas taobh istigh de 3 lá oibre ón lá a fhaightear an t-iarratas agus pléifear leis taobh istigh de 10 lá oibre ón lá a fhaightear an t-iarratas.
- Má tá moill ar eolas a thabhairt, tabharfar eolas don duine a dhéanann an t-iarratas faoin dáta gur chóir dóibh a bheith ag súil leis an eolas.
- Má tá sé riachtanach, tabharfar na cúiseanna nach féidir an t-eolas a thabhairt go hiomlán i scríbhinn don duine a dhéanann an t-iarratas.

Ba chóir aon cheist eile a chur chuig an Oifigeach Rochtana:

Paul Farrell, ag amanda.kavanagh@publicjobs.ie nó glaigh ar 01-8587655.

Seoladh poist do na hOifigigh Rochtana:

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Áras na Caibidle, 26 - 30 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.